An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0041/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 ("An Comhaontú")

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá atá dlite an 1 Deireadh Fómhair 2023

1. Is mian leis an Aire Oideachais rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas do mhúinteoirí a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta agus do mhúinteoirí, dá bhforáiltear sa chomhaontú dar teideal "Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023", arna athbhreithniú.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 mar a fhoráiltear dóibh faoin gComhaontú.

## Méaduithe Tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart

3. Comhaontaíodh coigeartú pá 1.5% (nó €750, cibé acu is mó) tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 1.5% (nó €750, cibé acu is mó) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

5. Tá na scálaí pá athbhreithnithe atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile leagtha amach in Aguisín 1 (a) agus (b). Tá na scálaí pá athbhreithnithe atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí iar-bhunscoile leagtha amach in Aguisín 1 (c) agus (d).

6. Tá na rátaí athbhreithnithe in aghaidh an lae/na huaire atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí ócáideacha páirtaimseartha leagtha amach in Aguisín 3.

7. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023, gabhfaidh téarmaí an Chiorcláin seo in ionad gach scála tuarastail agus gach ráta in aghaidh an lae/na huaire ab iníoctha le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha, mar a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

## Liúntais

8. Foráiltear leis an gComhaontú do mhéaduithe ar liúntais phá freisin, ar méaduithe iad a bheidh cothrom le 1.5% ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar sciar sonrach den bhunphá, ba cheart iad a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

9. Tá na rátaí athbhreithnithe ar Liúntais Cháilíochta a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 leagtha amach in Aguisín 2 (a).

10. Tá na rátaí athbhreithnithe ar Liúntais Cháilíochta a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011 leagtha amach in Aguisín 2 (b).

11. Tá na rátaí athbhreithnithe ar Liúntais Eile a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 leagtha amach in Aguisín 4.

12. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh deireadh le liúntais áirithe do thairbhithe nua le héifeacht ón 1 Feabhra 2012. Cé go bhfuil siad luaite sna scálaí pá atá i gceangal leis seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh ball foirne i dteideal an liúntas a fháil go fóill i gcás nach raibh sé/sí i dteideal an liúntas a fháil cheana féin. Léigh an doiciméad seo i gcomhar le Ciorclán 0008/2013: Athbhreithniú ar fud na Seirbhíse Poiblí ar Liúntais agus ar Íocaíochtaí Préimhe chun faisnéis a fháil faoi theidlíochtaí reatha liúntais.

13. Déileálfar le ró-íocaíochtaí de réir na gCiorclán ábhartha ón Roinn.

## Pinsin atá á n-íoc

14. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna a bhí ann cheana suas go dtí deireadh na bliana 2023 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal ‘Ag Dul Ó Neart go Neart’. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin.

15. Chun treoir bhreise a fháil, nó chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil pinsin atá á n-íoc faoi scéimeanna pinsean atá ann cheana le méadú stairiúil a fháil, féach an treoir atá i gCiorcláin 20/2017, 02/2018, 19/2019, 10/2021, 19/2022 agus 02/2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí FPN agus Athchóirithe. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na ciorcláin ón Roinn Caiteachais Phoiblí FPN agus Athchóirithe a chur chuig pensions@per.gov.ie.

16. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (‘Scéim Aonair’) a uasrátáil ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh phoiblí a d’fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach i Rannán 3.

### Scaipeadh agus Ceisteanna

17. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

18. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

19. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig:
    - Múinteoirí Bunscoile: primtch_payroll@education.gov.ie
    - Múinteoirí Iar-bhunscoile: pppayroll@education.gov.ie
    - Múinteoirí Iar-bhunscoile atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna: an Rannóg ábhartha Acmhainní Daonna

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Sinéad Keenaghan
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla

18 Meán Fómhair 2023

## AGUISÍN 1: SCÁLAÍ TUARASTAIL BHREISÍOCH A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 DEIREACH FÓMHAIR 2023 DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE AGUS DO MHÚINTEOIRÍ IAR-BHUNSCOILE

### 1. Scálaí Tuarastail do Mhúinteoirí Bunscoile

**(a) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do Mhúinteoirí Bunscoile a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2023[1].**

| An scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011 | |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €39,387 |
| **2** | €40,230 |
| **3** | €41,419 |
| **4** | €42,612 |
| **5** | €44,461 |
| **6** | €45,659 |
| **7** | €46,856 |
| **8** | €49,871 |
| **9** | €51,387 |
| **10** | €53,224 |
| **11** | €55,066 |
| **12** | €56,932 |
| **13** | €58,494 |
| **14** | €60,563 |
| **15** | €60,563 |
| **16** | €60,563 |
| **17** | €63,414 |
| **18** | €63,414 |
| **19** | €63,414 |
| **20** | €63,414 |
| **21** | €67,183 |
| **22** | €67,183 |
| **23** | €67,183 |
| **24** | €67,183 |
| **25** | €71,345 |

[1] Leanfar le liúntais cháilíochta a íoc leis an gcohórt múinteoirí seo, de réir mar is cuí.

**(b) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do Mhúinteoirí Bunscoile a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2023**[2].

| An scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó tar éis an dáta sin | |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €41,385 |
| **2** | €43,006 |
| **3** | €44,856 |
| **4** | €45,701 |
| **5** | €46,890 |
| **6** | €48,326 |
| **7** | €49,938 |
| **8** | €51,575 |
| **9** | €52,958 |
| **10** | €55,453 |
| **11** | €57,012 |
| **12** | €58,875 |
| **13** | €60,728 |
| **14** | €62,599 |
| **15** | €64,161 |
| **16** | €66,227 |
| **17** | €66,227 |
| **18** | €66,227 |
| **19** | €69,079 |
| **20** | €69,079 |
| **21** | €69,079 |
| **22** | €69,079 |
| **23** | €72,848 |
| **24** | €72,848 |
| **25** | €72,848 |
| **26** | €72,848 |
| **27** | €77,009 |

[2] Is féidir go mbeidh liúntais cháilíochta bhreise iníoctha leo siúd a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, mar atá leagtha amach i míreanna 8-9 agus in Aguisín 1 (c) a ghabhann leis an gCiorclán seo. Mar a tharla roimhe seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha le haon tairbhithe nua ón 1 Feabhra 2012 amach.

## 2. Scálaí Tuarastail do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

**(c) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2023[3].**

| An scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí iar-bhunscoile a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011 | |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €39,387 |
| **2** | €40,230 |
| **3** | €41,419 |
| **4** | €42,612 |
| **5** | €44,461 |
| **6** | €45,659 |
| **7** | €46,856 |
| **8** | €49,871 |
| **9** | €51,387 |
| **10** | €53,224 |
| **11** | €55,066 |
| **12** | €56,932 |
| **13** | €58,494 |
| **14** | €60,563 |
| **15** | €60,563 |
| **16** | €60,563 |
| **17** | €63,414 |
| **18** | €63,414 |
| **19** | €63,414 |
| **20** | €63,414 |
| **21** | €67,183 |
| **22** | €67,183 |
| **23** | €67,183 |
| **24** | €67,183 |
| **25** | €71,345 |

[3] Leanfar le liúntais cháilíochta a íoc leis an gcohórt múinteoirí seo, de réir mar is cuí.

**(d) An scála athbhreithnithe tuarastail bhreisíoch do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh, ar scála é a mbeidh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2023[4].**

| An scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí iar-bhunscoile a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó tar éis an dáta sin | |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €42,765 |
| **2** | €44,385 |
| **3** | €46,235 |
| **4** | €47,080 |
| **5** | €48,269 |
| **6** | €49,705 |
| **7** | €51,328 |
| **8** | €52,984 |
| **9** | €54,374 |
| **10** | €56,868 |
| **11** | €58,425 |
| **12** | €60,290 |
| **13** | €62,144 |
| **14** | €64,013 |
| **15** | €65,575 |
| **16** | €67,643 |
| **17** | €67,643 |
| **18** | €67,643 |
| **19** | €70,494 |
| **20** | €70,494 |
| **21** | €70,494 |
| **22** | €70,494 |
| **23** | €74,261 |
| **24** | €74,261 |
| **25** | €74,261 |
| **26** | €74,261 |
| **27** | €78,426 |

[4] Nóta: Tá an scála pá seo coigeartaithe chun luach coibhéiseach an Liúntais PME/ H.Dip a ionchorprú isteach i ngach pointe ar an scála mar atá leagtha amach i gCiorclán 0059/2022. Mar a tharla roimhe seo, níl aon liúntais cháilíochta breise iníoctha le gach tairbhí nua ón 1 Feabhra 2012.

## AGUISÍN 2: RÁTAÍ LIÚNTAIS CÁILÍOCHTA A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 DEIREACH FÓMHAIR 2023

**(a)** Liúntais Cháilíochta[5] a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012

| CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA | An ráta d'Iontrálaithe an 1 Eanáir 2011 - an 31 Eanáir 2012 Amháin |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| (a) Céim Máistreachta (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád) | €662 |
| | |
| (b) Céim Dochtúireachta | €1,399 |

**(b)** Liúntais Cháilíochta do mhúinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011[6]

| CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA | An ráta d'Iontrálaithe roimh 2011 amháin |
|---|---|
| | **Le h-éifeacht ón 01/10/2023** |
| (a) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (Pas) | €676 |
| (ii) Ard-Teastas Froebel | €676 |
| | |
| (b) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád) | €1,415 |
| (ii) Ard-Teastas Gaeilge | €1,415 |
| | |
| (c) Bunchéim (Pas) | €2,109 |
| | |
| (d) Céim Máistreachta a gnóthaíodh trí thráchtas nó trí scrúdú (Pas) | €5,632 |
| | |
| (e) Bunchéim (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád) | €5,632 |
| | |
| (f) Céim Máistreachta (Onóracha den Chéad Ghrád nó den Dara Grád) | €6,293 |
| | |
| (g) Céim Dochtúireachta | €7,031 |

[5] Níl liúntais cháilíochta iníoctha le haon tairbhithe nua ón 1 Feabhra 2012 amach.

[6] Ní fhéadfar ach ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (a) nó (b) a shealbhú le ceann amháin de na liúntais atá luaite i bpointí (c) nó (d). Mar a tharla roimhe seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha le haon tairbhithe nua ón 1 Feabhra 2012 amach.

## AGUISÍN 3: RÁTAÍ IN AGHAIDH AN LAE/NA hUAIRE A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 DEIREACH FÓMHAIR 2023 DO MHÚINTEOIRÍ IONAID ÓCÁIDEACHA.

(a) **BUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh an lae/na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus ionaid a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011

| **Catagóir** | **Ráta Leanúnach**<br>**Ón 01/10/23** | **Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh an Lae/na hUaire Oibrithe**<br>**ón 01/10/23** |
|---|---|---|
| Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha | €213.46 | €26.38 |
| Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí neamhcháilithe | €148.02 | €18.29 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe | €42.69 | €5.28 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe atá ar an bPárolla | €34.78 | €4.30 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe ionaid | €29.60 | €3.66 |

(b) **BUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh an lae/na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus ionaid a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh

| **Catagóir** | **Ráta Leanúnach**<br>**Ón 01/10/23** | **Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh an Lae/na hUaire Oibrithe**<br>**ón 01/10/23** |
|---|---|---|
| Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha | €207.83 | €25.69 |
| Ráta in aghaidh an lae do mhúinteoirí neamhcháilithe | €148.02 | €18.29 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe | €41.56 | €5.14 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe atá ar an bPárolla | €34.78 | €4.30 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe ionaid | €29.60 | €3.66 |

**(c) BUNSCOIL:** Ráta athbhreithnithe Bliantúil a mbeidh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí bunscoile neamhcháilithe.

| Catagóir | Múinteoirí a thosaigh ag teagasc roimh an mbliain 2011<br><br>Ráta éifeacht ón 01/10/23 | Múinteoirí a thosaigh ag teagasc ón mbliain 2011 amach<br><br>Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|---|
| Ráta Bliantúil do Mhúinteoirí Bunscoile Neamhcháilithe | €35,565 | €35,565 |

**(d) IAR-BHUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí iar-bhunscoile ócáideacha páirtaimseartha a thosaigh ag teagasc roimh an 1 Eanáir 2011

| Catagóir | Ráta Leanúnach<br><br>Ón 01/10/23 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh an Lae/na hUaire Oibrithe ón 01/10/23 |
|---|---|---|
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha | €50.42 | €6.87 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe | €44.38 | €6.05 |

**(e) IAR-BHUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe in aghaidh na huaire a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 do mhúinteoirí iar-bhunscoile ócáideacha páirtaimseartha a thosaigh ag teagasc an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh

| Catagóir | Ráta Leanúnach<br><br>Ón 01/10/23 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh an Lae/na hUaire Oibrithe ón 01/10/23 |
|---|---|---|
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí cáilithe ócáideacha | €45.14 | €6.16 |
| Ráta in aghaidh na huaire do mhúinteoirí neamhcháilithe | €39.93 | €5.45 |

## AGUISÍN 4: LIÚNTAIS TEAGAISC EILE A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 DEIREACH FÓMHAIR 2023.

### (i) Liúntais Eile

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| 1. Teagasc trí Ghaeilge | €1,812 |
| 2. Deontas Gaeltachta is iníoctha le múinteoirí sa Ghaeltacht, seachas iad sin atá ag fáil liúntas is comhionann le 10% dá dtuarastal ar an scála | €3,507 |
| 3. Liúntas Oileáin | €2,109 |
| 4. Dioplóma don Oideachas Speisialta | €2,790 |
| 5. Liúntas speisialta is iníoctha le múinteoirí i Scoileanna Cuimsitheacha (A ceapadh roimh an 01/01/1987) | €2,830 |
| 6. Liúntais Leanaí | €113 |
| 7. Liúntas do Mhúinteoirí a bhfuil seirbhís 35 bliana curtha isteach acu | €2,660 |
| 8. Liúntas do Rúnaithe Boird Bainistíochta (is iníoctha ar bhonn pearsanta le Príomhoidí Scoileanna Cuimsitheacha a fuair an liúntas roimh chur chun feidhme Thuarascáil Chomhaontaithe 3/06) | €3,207 |
| 9. Liúntas do Phríomhoidí a ghníomhaíonn mar Rúnaí do Bhord Bainistíochta (Tuarascáil Chomhaontaithe 3/06) Rollú Scoile:<br><101<br>101-300<br>301-500<br>501-700<br>700+ | <br><br><br>€600<br>€900<br>€1,201<br>€1,502<br>€1,801 |
| 10. Riail 87 (Ard-Teastas Froebel) | €1,642 |

### (ii) Liúntais Iasachta

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| Catagóir 1 - Stiúrthóirí ar Ionaid Oideachais | €31,141 |
| Catagóir 2 | €19,266 |
| Catagóir 3 | €15,053 |
| Catagóir 4 | €11,599 |

**(iii) Poist Freagrachta**

**(a) Liúntas Príomhoide (Iar-bhunscoil)**

| Catagóir | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| I | €10,661 |
| II | €11,946 |
| III | €14,013 |
| IV | €16,443 |
| V | €19,128 |
| VI | €21,852 |
| VII | €24,488 |
| VIII | €27,154 |
| IX | €29,115 |
| X | €31,141 |
| XI | €34,095 |
| XII | €36,092 |
| XIII | €39,953 |
| XIV | €41,256 |
| XV | €44,747 |
| XVI | €46,690 |
| XVII | €48,629 |

**(b) Liúntas Leas-Phríomhoide (Iar-bhunscoil)**

| Catagóir | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| I | €4,316 |
| II | €5,647 |
| III | €7,466 |
| IV | €9,358 |
| V | €11,190 |
| VI | €13,104 |
| VII | €14,944 |
| VIII | €16,752 |
| IX | €18,177 |
| X | €19,566 |
| XI | €21,717 |
| XII | €23,049 |
| XIII | €25,930 |
| XIV | €26,494 |
| XV | €28,946 |
| XVI | €30,061 |
| XVII | €31,165 |

### (c) Liúntas Príomhoide (Bunscoil)

| Catagóir | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| I | €14,013 |
| II | €14,013 |
| III | €16,443 |
| IV | €19,128 |
| V | €21,852 |
| VI | €24,488 |
| VII | €27,154 |
| VIII | €29,115 |
| IX | €31,141 |
| X | €34,095 |
| XI | €36,092 |
| XII | €39,953 |
| XIII | €41,256 |
| XIV | €44,747 |

### (d) Liúntas Leas-Phríomhoide (Bunscoil)

| Catagóir | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| I | €7,466 |
| II | €7,466 |
| III | €9,358 |
| IV | €11,190 |
| V | €13,104 |
| VI | €14,944 |
| VII | €16,752 |
| VIII | €18,177 |
| IX | €19,566 |
| X | €21,717 |
| XI | €23,049 |
| XII | €25,930 |
| XIII | €26,494 |
| XIV | €28,946 |

### (e) Rátáil Pointí Príomhoide

| | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| **Faoi bhun 150** | €7,627 |
| **150 - 299** | €7,708 |
| **300 - 449** | €9,333 |
| **450 - 599** | €10,951 |
| **600 - 749** | €12,845 |
| **750 - 899** | €14,944 |
| **900 - 1099** | €17,075 |
| **1100 - 1299** | €19,130 |
| **1300 - 1499** | €21,211 |
| **1500 - 1699** | €22,747 |
| **1700 - 1949** | €24,328 |
| **1950 - 2199** | €25,918 |
| **2200 - 2449** | €27,466 |
| **2450 nó níos mó** | €28,973 |

### (f) Rátáil Pointí Leas-Phríomhoide

| | Ráta éifeacht ón 01/10/23 |
|---|---|
| **Faoi bhun 150** | €0 |
| **150 - 299** | €3,371 |
| **300 - 449** | €4,407 |
| **450 - 599** | €5,833 |
| **600 - 749** | €7,307 |
| **750 - 899** | €8,735 |
| **900 - 1099** | €10,239 |
| **1100 - 1299** | €11,678 |
| **1300 - 1499** | €13,088 |
| **1500 - 1699** | €14,201 |
| **1700 - 1949** | €15,287 |
| **1950 - 2199** | €16,332 |
| **2200 - 2449** | €17,363 |
| **2450 nó níos mó** | €18,301 |

### (iv) Poist Freagrachta Eile

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| 1. Príomhoide Cúnta I[7] | €9,755 |
| 2. Príomhoide Cúnta II[8] | €4,316 |
| 3. Post Grádaithe - 'A' | €7,627 |
| 4. Post Grádaithe - 'B' | €3,371 |
| 5. (a) Liúntais Feidhmeanna Speisialta<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | <br>€2,894<br>€4,407<br>€5,833<br>€7,307<br>€7,627 |
| 5. (b) Liúntais Uasghrádaithe Feidhmeanna Speisialta<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | <br>€3,699<br>€5,647<br>€7,466<br>€9,358<br>€9,755 |
| 6. Stiúrthóir Oideachais Aosach – Oideachas Aosach Féinmhaoinitheach Páirtaimseartha – Poist Freagrachta – Ciorclán 46/00 (Aguisín 1) | |
| Catagóir A | €4,316 |
| Catagóir B | €5,647 |
| Catagóir C | €7,466 |
| Catagóir D | €9,358 |
| Catagóir E | €11,190 |
| Catagóir F | €13,104 |
| Catagóir G | €14,944 |
| Catagóir H | €16,752 |
| Catagóir I | €18,177 |
| Catagóir J | €19,566 |
| Catagóir K | €21,717 |
| Catagóir L | €23,049 |
| Catagóir M | €25,930 |
| 7. Liúntas is iníoctha le Príomhoidí ar scoileanna a thairgeann clár páirtaimseartha oideachais aosach (Ciorclán 46/00) | €1,860 |
| 8. Liúntas is iníoctha le Príomhoidí ar chúig Phobalscoil i leith ról bainistíochta a imirt i lárionaid spóirt (Tuarascáil Chomhaontaithe 2/01) | €5,520 |

[7] Dár gaireadh Príomhoide Cúnta roimhe seo
[8] Dár gaireadh Múinteoir Dualgas Speisialta roimhe seo

**(v) Liúntais Eile is Infheidhme maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna, ar liúntais iad ab infheidhme roimhe seo maidir le Coistí Gairmoideachais.**

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| 1. Múinteoirí Tuatheolaíochta (i leith gníomhaíochtaí oideachais a eagrú agus a fhorbairt lasmuigh den teagasc foirmiúil sa seomra ranga) | €2,109 |
| 2. Múinteoirí Taistil Eolaíochta Baile[9] | €2,109 |
| 3. Íocaíochtaí speisialta le Múinteoirí Páirtaimseartha Incháilithe faoi Chlásal 7.1 de Chiorcláin 38/89 agus 39/89 (Tuarascáil Chomhaontaithe 2/98) | |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Bunscála Coiteann<br>1<br>2<br>3 | €358<br>€717<br>€1,076 |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Scála Múinteora Coláiste<br>1<br>2<br>3 | €446<br>€899<br>€1,346 |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Scála Léachtóir<br>1<br>2<br>3 | €631<br>€1,257<br>€1,883 |
| 4. Íocaíochtaí speisialta le TWTanna faoi Chlásal 3 de Chiorclán Uimh. 34/89 (Tuarascáil Chomhaontaithe 2/98) | |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Bunscála Coiteann<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €717<br>€1,434<br>€2,154<br>€2,870<br>€3,586 |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Scála Múinteora Coláiste<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €899<br>€1,793<br>€2,690<br>€3,586<br>€4,485 |
| An Líon Blianta de Sheirbhís Ináirithe – Scála Léachtóir<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €1,257<br>€2,512<br>€3,770<br>€5,025<br>€6,278 |
| 5. Liúntas is iníoctha le múinteoirí printíseach i mBord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, dár gaireadh Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí faoi seach roimhe seo | €11,153 |

[9] Dár gaireadh Múinteoirí Taistil Eolaíochta Baile roimhe seo

**(vi) Liúntais (Tag. Ginearálta 3/80)**

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| 1. Incrimint Fadseirbhíse | €1,692 |
| 2. Liúntas difreálach speisialta a íoctar le hIar-Ollúna Coláistí Ullmhúcháin | €3,275 |
| 3. Rátaí Pearsanta Liúntais Príomhoidí | €7,627<br>€7,627<br>€7,627<br>€7,627<br>€7,952<br>€8,103<br>€9,568<br>€9,722<br>€10,384<br>€10,486<br>€11,252<br>€12,782 |
| 4. Liúntais Phearsanta dá dtagraítear i Mír 2 de Chiorclán 50/70 | €2,937<br>€5,761<br>€6,701<br>€7,488<br>€8,476<br>€9,722<br>€10,955<br>€12,663<br>€13,585<br>€14,942 |

**(vii) Liúntais is iníoctha le múinteoirí sa tSeirbhís Príosún**

| | **Ráta éifeacht ón 01/10/23** |
|---|---|
| Airgead Oinigh | €5,465 |
| Múinteoir Maoirseachta – Méid an Aonaid – Múinteoirí Coibhéise Lánaimseartha<br>1-6<br>7-9<br>10-12<br>13-16<br>16+ | <br><br>€9,755<br>€14,944<br>€18,177<br>€23,049<br>€26,493 |
| Leas-Mhúinteoir Maoirseachta | €9,755 |
| Múinteoir Maoirseachta Cúnta | €4,316 |
| Liúntas Aonaid Daingin | €2,514 |